**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Fhorbairt*

**2018/0272M(NLE)**

25.1.2019

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an gcinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Deonach a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí (2018/0272M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Jan Zahradil

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Ag tacú go láidir le próiseas FLEGT le Vítneam, ós rud é go bhfuil thart ar 45 % de limistéar talún Vítneam faoi fhoraoisí agus go bhfuil príomhról ag an tír san earnáil próiseála adhmaid san Áise Thoir Theas; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó tiomantas Vítneam don phróiseas seo agus don dul chun cinn atá déanta go dtí seo, lena n-áirítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonach (VPA);

2. Ag cur i dtreis gur dúshlán mór é stop a chur le hallmhairiú adhmaid neamhdhleathaigh ó thíortha comharsanachta agus is riachtanach é stop a chur leis chun go leanfar leis an bpróiseas go rathúil; chun na críche sin, ag iarraidh ar Vítneam reachtaíocht onnmhairithe a ghlacadh le hoibleagáidí díchill chuí (lena gcumhdaítear measúnú riosca agus maolú) agus lena gcuirtear toirmeasc ar adhmad neamhdhleathach a chur ar an margadh;

3. Ag meabhrú go bhfuil bainistiú agus rialachas inbhuanaithe agus cuimsitheach foraoisí bunriachtanach chun na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus i gComhaontú Pháras;

4. Ag iarraidh ar AE comhleanúnachas an chomhaontaithe a áirithiú lena chuid beartais ar fad, lena n-áirítear i réimse na forbartha, an chomhshaoil, na talmhaíochta agus na trádála;

5. Ag tarraingt airde ar ríthábhacht rannpháirtíocht iomlán na ngeallsealbhóirí agus ar an bpríomhról is gá don tsochaí shibhialta agus don earnáil phríobháideach a bheith acu agus iad ina ngníomhaithe iomlána, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus faireachán a dhéanamh air; ag áitiú ar Rialtas Vítneam plean gníomhaíochta le haghaidh chur chun feidhme VPA a ghlacadh, ar plean gníomhaíochta é atá faoi cheangal ama agus lena ndéantar na modhanna oibre a fhorbairt tuilleadh chun trédhearcacht a áirithiú, go háirithe trí chur chun feidhme éifeachtach na dtreoirlínte maidir le nochtadh poiblí faisnéise agus comhroinnt doiciméad in am tráth a áirithiú;

6. Ag cur i bhfáth an gá atá le deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós in earnáil na foraoise trína áirithiú go ndéantar sáruithe a ionchúiseamh; ag iarraidh ar Rialtas Vítneam rannchuidiú leis na gcuspóir sin trí chur chun feidhme iomlán fhorálacha VPA maidir le sceithirí eolais a áirithiú;

7. Ag meabhrú nach mór do chur chun feidhme an Chomhaontaithe comhlánú a dhéanamh ar ghealltanais AE maidir le cosaint an chomhshaoil agus comhleanúnachas a áirithiú leis na gealltanais chun oll-dífhoraoisiú a chosc;

8. Á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht maidir le FLEGT a thabhairt do Vítneam agus ionracas phróiseas FLEGT a áirithiú, go háirithe trí dheireadh a chur le hadhmad neamhdhleathach, trí chearta na ndaoine bundúchasacha agus na bpobal atá ag brath ar fhoraoisí a chosaint, agus trí rannpháirtíocht iomlán na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme agus in oibríochtú fhoraithne an Chórais Dhearbhaithe i dtaca le Dlíthiúlacht Adhmaid (TLAS) agus i soláthar ceadúnais FLEGT; ag meabhrú dó, chun

faireachán éifeachtach ar an gComhaontú agus a thionchar ar fhorbairt a áirithiú, gur cheart don Choimisiún leanúint de thuairisc a thabhairt don Pharlaimint go tráthrialta maidir lena chur chun feidhme;

9. Ag cur i dtreis go gcuireann drochrialachas agus éilliú san earnáil foraoise dlús le lománaíocht neamhdhleathach agus le díghrádú foraoise; á iarraidh ar AE a chuid iarrachtaí a dhíriú ar creat dlíthiúil agus acmhainneacht institiúideach Vítneam a neartú, trí dhul i ngleic leis na dúshláin theicniúla agus eacnamaíocha a chuireann isteach ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú éifeachtach rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana;

10. Ag cur in iúl an ghá atá ann go seachnófar na hualaigh dhíréireacha riaracháin maidir le soláthar adhmaid tí, agus cruthú bealaí éalaithe a sheachaint ag an am céanna;

11. Ag cur i dtreis go bhfuil rathúnas thionscnamh FLEGT ina iomlán ag brath, *inter alia*, ar dul i ngleic le calaois agus le héilliú, atá le fáil ag gach céim de thrádáil adhmaid – saothrú, iompar, próiseáil, monarú, onnmhairiú, allmhairiú agus díol; chun na críche sin, ag iarraidh ar AE raon feidhme agus forfheidhmiú Rialachán AE maidir le hAllmhairí Adhmaid a neartú d'fhonn dul i ngleic le rioscaí éillithe i slabhra soláthair adhmaid an Aontais, lena n-áirítear trí rialuithe agus imscrúduithe níos rialta agus níos córasaí ag calafoirt an Aontais.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil |
| **Tagairtí** | 2018/0272M(NLE) |
| **An Coiste freagrach** | INTA |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>25.10.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Jan Zahradil<br>16.11.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 20.11.2018 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mireille D'Ornano, Doru-Claudian Frunzulică, Enrique Guerrero Salom, Maria Heubuch, Teresa Jiménez-Becerril Barrio, Linda McAvan, Norbert Neuser, Vincent Peillon, Lola Sánchez Caldentey, Elly Schlein, Bogusław Sonik, Eleni Theocharous, Anna Záborská, Joachim Zeller, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marina Albiol Guzmán, Agustín Díaz de Mera García Consuegra, Frank Engel, Stefan Gehrold, Maria Noichl, Judith Sargentini |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 20 | + |
|---|---|
| ECR | Eleni Theocharous |
| GUE/NGL | Marina Albiol Guzmán, Lola Sánchez Caldentey |
| PPE | Agustín Díaz de Mera García Consuegra, Frank Engel, Stefan Gehrold, Teresa Jiménez-Becerril Barrio, Bogusław Sonik, Anna Záborská, Joachim Zeller, Željana Zovko |
| S&D | Doru-Claudian Frunzulică, Enrique Guerrero Salom, Linda McAvan, Norbert Neuser, Maria Noichl, Vincent Peillon, Elly Schlein |
| VERTS/ALE | Maria Heubuch, Judith Sargentini |

| 1 | - |
|---|---|
| EFDD | Mireille D'Ornano |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh